

# NUACHTLITIR

## AN RANGA

RANG MÚINTOEIR JASON



Tá bliain iontach spreagúil againn go dtí seo sna Naíonáin Mhóra! Le dhá théarma anuas, bhí an deis iontach againn freastal ar an seó Baboró, agus ba taithí draíochtúil é do chách (ar chlé). Tá an seomra ranga lán le cruthaitheacht agus muid ag déanamh neart gníomhaíochtaí ealaíne, ag léiriú samhlaíocht iontach na bpáistí. Bhí buaicphointe an téarma ann nuair a thug iománaithe Locha Riach cuairt orainn, agus iad ag ceiliúradh a mbua sa chraobh chontae - bhí an sceitimíní le brath go soiléir!



Chomh maith leis sin, rinneamar ceiliúradh ar Oíche Shamhna le spraoi scanrúil agus feistis iontacha. Anois, agus an séasúr féile ag druidim linn, táimid ag súil go mór le draíocht agus áthas na Nollag. Seo chugainn téarma eile lán le foghlaim agus spraoi!

Go raibh maith agaibh

# NAOINÁIN MHORA